Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2025
(OR. en)

16905/25

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0103(COD)**

CODEC 2152
INDEF 186
COPS 692
POLMIL 439
IND 626
MAP 164
FIN 1564
ECOFIN 1754
RECH 561
DIGIT 277
TRANS 653
SIMPL 214
PE 110

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 15 go dtí an 18 Nollaig 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla le haghaidh nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin togra seo ar an gcéad léamh.

1 IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) Borys BUDKA (EPP, PL) thar ceann ITRE leasú comhréitigh (leasú uimhir 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, a raibh Rihards KOLS (ECR, LV) tar éis dréacht-tuarascáil a ullmhú ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Ina theannta sin, chuir an grúpa polaitiúil ‘An Chlé’ leasú síos chun diúltú don togra ón gCoimisiún (leasú uimhir 3) agus chuir an grúpa polaitiúil Eoraip na Náisiún Ceannasach (ESN) dhá leasú síos (leasuithe 4 agus 5) ar an dréachtghníomh reachtach[2].

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 16 Nollaig 2025, glacadh an leasú comhréitigh (leasú uimhir 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[3].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Faoi Riail 60(3) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, féadfaidh grúpa nó an tairseach íseal a iarraidh go ndéanfar vótáil iomlánach ar leasuithe ar an dréachtghníomh reachtach in ionad an chomhaontaithe shealadaigh.

[3] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

## P10_TA(2025)0320

# Infheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme (COM(2025)0188 – C10-0070/2025 – 2025/0103(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0188),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 114, 164, 172, agus 173, Airteagal 175, an tríú mír, Airteagail 176, 177, 178, 182, 183 agus 188, agus Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Parlaimint na hEorpa (C10-0070/2025),

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá molta,

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) agus Airteagail 164 agus 172, Airteagal 173(3), Airteagal 175, an tríú mír, Airteagail 177 agus 178, Airteagal 182(1) agus (4), Airteagal 183, Airteagal 188, an dara mír, agus Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Meán Fómhair 2025[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 15 Deireadh Fómhair 2025[2],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 10 Samhain 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

---

1 Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
2 IO C, C/2025/6325, 3.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6325/oj.

– ag féachaint do Rialacha 60, 41 agus do Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Shlándáil agus um Chosaint agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A10-0172/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta

.

**P10_TC1-COD(2025)0103Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Nollaig 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, ▌ agus (AE) 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe d'Airteagail ***164 agus 172, d'Airteagal 173(3),*** d'Airteagal 175, an tríú mír, d'Airteagal ▌ 177 agus ***178, d'Airteagal 182(1) agus (4), d'Airteagal 183 agus d'Airteagal 188, an dara mír, agus d'Airteagal*** 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 Tuairim an 18 Meán Fómhair 2025 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).
2 IO C, C/2025/6325, 3.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6325/oj.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar gheall ar éagobhsaíocht gheopholaitiúil gan fasach agus an meath tapa ar leibhéil réigiúnacha agus dhomhanda na bagartha ***agus na slándála, go háirithe cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, rud a d'fhág an tAontas agus a Bhallstáit i mbaol mór go dtiocfadh gnáthbhagairtí míleata chun cinn, tá gá le*** méadú práinneach suntasach ar chaiteachas an Aontais ar thaighde, nuálaíocht agus forbairt, acmhainneacht thionsclaíoch agus forbairt bonneagair a bhaineann le hathléimneacht, slándáil agus cosaint. ***Tá bacainní leanúnacha roimh Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú, go háirithe maoiniú príobháideach le haghaidh infheistíochta, mar gheall ar na rioscaí a gceapann gníomhaithe margaidh a bheith ag gabháil le hinfheistíocht den sórt sin. Mar thoradh air sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht phoiblí a bhaineann leis an gcosaint a ghiaráil. Dá bhrí sin***, mar a shainaithnítear sa Pháipéar Bán Comhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 19 Márta 2025 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030 (an 'Páipéar Bán Comhpháirteach'), lena gcuirtear creat ar fáil don Phlean ReArm Europe, ba cheart don Aontas níos mó a dhéanamh chun tacú leis an ngéarghá atá le hinfheistíocht na hEorpa i gcúrsaí a bhaineann le cosaint a mhéadú le buiséad an Aontais, ***chomh maith le méaduithe ar chaiteachas cosanta náisiúnta na mBallstát.***

***Is céim i dtreo ullmhacht cosanta na hEorpa é cláir chistiúcháin an Aontais a ghiaráil chun tacú le teicneolaíochtaí agus táirgí dé-úsáide agus le teicneolaíochtaí agus táirgí a bhaineann le cosaint. Tá giaráil den sórt sin beartaithe freisin chun feabhas a chur ar an gcomhar sibhialta-míleata ar fud na mBallstát, i bhfianaise éifeachtaí iarmharta a théann chun tairbhe don dá thaobh. Leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó chláir an Aontais lena mbaineann, d'fhéadfaí aird chuí a thabhairt ar na gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanann Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus comhpháirtithe eile i gcás ina bhfónann na gníomhaíochtaí sin do leasanna slándála agus cosanta an Aontais.***

***(2) Ba cheart infheistíocht i bhforbairt cumas ceannródaíoch dé-úsáide agus cosanta a chur chun cinn, ós rud é go gcuireann infheistíocht den sórt sin le cuspóirí níos leithne an Aontais maidir le hathléimneacht shochaíoch, slándáil agus iomaíochas. Tá forbairt tionscal dé-úsáide agus cosanta ar fud an Aontais, agus na rioscaí a bhaineann leis an meath méadaithe ar chomhthéacs slándála an Aontais á gcur san áireamh, fíor-riachtanach chun a áirithiú go rannchuideoidh na Ballstáit uile le BTTCE láidir agus athléimneach agus go mbainfidh siad tairbhe as.***

(3) Is tionscnamh é an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais trí chistí a shlógadh ó 11 chlár de chuid an Aontais atá ann cheana i dtreo teicneolaíochtaí criticiúla i dtrí earnáil straitéiseacha: teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní, agus bith-theicneolaíochtaí. Dá réir sin, is bealach maith é STEP chun acmhainní de chuid an Aontais a shlógadh, ar bhealach comhordaithe agus sineirgeach, i dtreo na cosanta, lena n-áirítear príomhtheicneolaíochtaí digiteacha teorann a bhfuil gá leo chun táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a fhorbairt.

[4] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

(4) Cé gur féidir tacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí a bhfuil impleachtaí cosanta acu sa lá atá inniu ann faoi na 3 earnáil straitéiseacha atá ann cheana a shainaithnítear in STEP, is cosúil gur gá cur leis na hacmhainneachtaí a bhaineann le taighde, tionscal agus nuálaíocht a fhorbairt i réimse na cosanta tríd an gceathrú hearnáil straitéiseach a leagan amach in STEP, ***dírithe*** ar theicneolaíochtaí cosanta, gan baint de cheannaireacht theicneolaíoch bheartaithe an Aontais sna hearnálacha atá ann cheana. Leis an gceathrú hearnáil straitéiseach sin, ba cheart a áirithiú go n-úsáidfear dreasachtaí STEP chun cistiú ón Aontas i dteicneolaíochtaí cosanta nuálacha a mhéadú agus é mar aidhm freagairt go héifeachtach do bhagairtí atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn agus rannchuidiú le hiomaíochas na hEorpa i gcomhréir le cuspóirí STEP. Ba cheart teicneolaíochtaí cosanta a thuiscint mar na teicneolaíochtaí sin a chorpraítear i dtáirgí cosanta, ***nó atá riachtanach chun na táirgí sin a fhorbairt agus a mhonarú, lena n-áirítear táirgí cosaintbhainteacha*** dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. ***I gcomhréir leis an gcur chuige a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na trí earnáil eile a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/795, ba cheart don Choimisiún an treoir dá bhforáiltear sa Rialachán sin a thabhairt cothrom le dáta chun an ceathrú hearnáil straitéiseach a chumhdach, lena n-áirítear maidir le léirmhíniú na*** dteicneolaíochtaí ***cosanta*** ▌. Maidir leis an intleacht shaorga, ba cheart Gigeamhonarchana IS a bheith ina bpríomhbhonneagar chun IS i dteicneolaíochtaí cosanta a leathnú go tapa.

---

5 Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj).

(5) Ina theannta sin, chun acmhainneacht na gclár a chumhdaítear le STEP a bharrfheabhsú chun acmhainní an Aontais a shlógadh i dtreo ***riachtanais*** na cosanta, is gá a shoiléiriú gur féidir leis na cláir sin cuspóirí agus gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le feabhas a chur ar iomaíochas ***agus athléimneacht*** BTTCE chomh maith le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse na cosanta.

(6) Is é Fís Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], clár cistiúcháin an Aontais ▌ le haghaidh taighde agus nuálaíochta***, a bhfuil ról lárnach aige i gceannaireacht dhomhanda eolaíoch agus theicneolaíoch an Aontais.*** Le Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE), a bunaíodh leis an Rialachán sin, tugtar tacaíocht, go háirithe, do nuálaíochtaí lena mbaineann acmhainneacht cheannródaíoch agus de chineál suaiteach lena mbaineann acmhainneacht mhéadaithe a bhféadfadh riosca rómhór a bheith ag baint leo d'infheisteoirí príobháideacha. Tá maoiniú de dhíth ar fhiontair bheaga nó mheánmhéide (FBManna), ***ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar roinnt fiontair mheánchaipitlithe bheaga*** atá ag feidhmiú laistigh d'earnáil na cosanta chun táirgí nuálacha a thráchtálú.

---

6 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

Mar sin féin, tá bacainní níos airde roimh na heintitis dhlítheanacha sin maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú i gcomparáid le ***heintitis*** dhlítheanacha in earnálacha eile. ***Mar a cuireadh i dtábhacht sa Pháipéar Bán Comhpháirteach, is gá ullmhacht cosanta na hEorpa a mhéadú, toisc go bhfuil tionchar ag cogadh, ionsaí agus gníomhartha naimhdeacha eile ar an Eoraip faoi láthair. Chun na críche sin, tá gá le méadú suntasach ar thacaíocht do nuálaíocht ardtionchair a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear tacaíocht a bhfuil géarghá léi do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do roinnt cuideachtaí meánchaipitlithe beaga atá toilteanach nuálaíochtaí ardtionchair den sórt sin a bhaineann le cosaint a uas-scálú. Mar sin féin, le hollstruchtúr reatha chláir an Aontais, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Cosanta (CEC), ní sholáthraítear an scála, an tsolúbthacht ná an luas is gá chun tacaíocht den sórt sin a shlógadh ar bhealach éifeachtach tráthúil. D'fhéadfadh an t-ollstruchtúr atá ann faoi láthair éiginnteachtaí a chruthú do na heintitis dhlítheanacha in earnáil na cosanta maidir le rochtain ar thacaíocht do theicneolaíochtaí a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide a bheith acu. I bhfianaise dhéine na bagartha sa timpeallacht reatha, tá údar le bearta urghnácha agus tá gá leo.***

Cé go dtugtar tacaíocht don taighde agus don fhorbairt i réimse na cosanta trí CEC, ar clár sonrach de chuid Fís Eorpach é, is iomchuí, ***ar bhonn an chomhthéacs straitéisigh atá ann faoi láthair***, Luasaire CNE a oscailt do ghníomhaíochtaí a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide a bheith acu***, agus úsáid feidhmeanna sibhialtacha á cur chun cinn ag an am céanna.*** Ba cheart an tacaíocht do ghnólachtaí atá i mbun fáis faoi ***Scéim Uas-scálaithe STEP*** Luasaire CNE ('an Scéim') a leathnú freisin chuig FBManna nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de, amhail eintitis a bhfuil tacaíocht faighte acu cheana ón Luasaire atá i mbun nuálaíocht cheannródaíoch shuaiteach neamhiontaofa ó thaobh brabúis de i dteicneolaíochtaí ***cosanta criticiúla agus, i gcás inarb iomchuí, nuálaíochtaí a bhféadfadh acmhainneacht dé-úsáide acu á gcothú ag an am céanna. Níl tacaíocht uas-scálaithe i bhfoirm infheistíocht chothromais dhíreach, trína gcuirtear cistiú ar fáil go díreach do chuideachtaí, ar fáil faoi ionstraimí cistiúcháin atá dírithe ar chosaint atá ann cheana, go háirithe CEC agus an tSaoráid Cothromais Cosanta a úsáidtear faoi InvestEU.***

***Dá bhrí sin, is gá an Scéim a oscailt don nuálaíocht i dteicneolaíochtaí cosanta criticiúla chun tacú le heintitis dhlítheanacha lena n-infheistítear in earnáil na cosanta, agus comhlántacht le hionstraimí eile de chuid an Aontais atá ann cheana á háirithiú ag an am céanna.*** Tugann sé sin údar le heisceacht spriocdhírithe a bhunú laistigh den ***Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair*** ar an bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2021/695, lena bhforáiltear go ndírítear go heisiach ar fheidhmeanna sibhialta le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta faoin gclár Fís Eorpach, agus dúbláil neamhriachtanach a sheachaint ag an am céanna. ***Tá an eisceacht spriocdhírithe gan dochar do thoradh na caibidlíochta atá ar na bacáin i gcomhthéacs an chéad CAI eile. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar maoirseacht chuí ar chur i bhfeidhm na heisceachta spriocdhírithe, lena n-áirítear trí shonraí iomchuí a bhailiú agus a thuairisciú i gcomhthéacs an fhaireacháin agus na meastóireachta a dhéantar faoi láthair ar CNE, gan ualaí breise riaracháin a chruthú do rannpháirtithe.***

*(7)* ***Ós rud é go bhféadfadh gníomhaíochtaí nuálaíochta a bhfuil feidhmeanna dé-úsáide acu difear a dhéanamh do shócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil nó leasanna straitéiseacha an Aontais agus a Bhallstát, d'fhéadfadh sé gur gá na rialacha incháilitheachta a oiriúnú, sna cláir oibre ábhartha faoi Fís Eorpach, chun gur féidir rannpháirtíocht a bheith teoranta d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe sna Ballstáit amháin nó d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe chomh maith leis na Ballstáit, nó chun rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe agus atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis dhlítheanacha de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a eisiamh. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 48(2) de Rialachán (AE) 2021/695 a leasú chun féidearthacht den sórt sin a cheadú. Baineann an fhéidearthacht na rialacha incháilitheachta a oiriúnú sna cláir oibre ábhartha go sonrach le gníomhaíochtaí nuálaíochta nua a bhfuil feidhmeanna dé-úsáide acu agus ní dhéanann sí difear do na rialacha lena rialaítear tacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhfuil feidhmeanna sibhialtacha acu faoin gclár Fís Eorpach ná do chistiú gníomhaíochtaí den sórt sin.***

***(8) Ós rud é go bhféadfadh gníomhaíochtaí nuálaíochta i dteicneolaíochtaí cosanta criticiúla difear suntasach a dhéanamh do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, is gá rialacha incháilitheachta sonracha a bhunú lena n-áiritheofar comhsheasmhacht le hionstraimí eile de chuid an Aontais in earnáil an tionscail cosanta agus lena gcuirfear san áireamh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.***

***Le rialacha incháilitheachta sonracha den sórt sin, ba cheart rannpháirtíocht a theorannú d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas, san Úcráin, nó i mball de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar ball é den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (comhalta de LEE) agus atá comhlachaithe le Fís Eorpach. Leis na rialacha sin, ba cheart rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach a eisiamh, arb eintitis iad atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tír seachas an Úcráin nó comhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach, nó ag eintitis dhlítheanacha de chuid tríú tír den sórt sin. Mar sin féin, eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i gcomhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach agus atá á rialú ag tríú tír seachas an Úcráin nó comhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach, nó ag eintiteas dlítheanach tríú tír seachas an Úcráin, nó comhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach, ba cheart é a bheith incháilithe le bheith ina thairbhí, ar choinníoll go gcuirfear ar fáil don Choimisiún ráthaíochtaí arna bhformheas i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta an Bhallstáit nó an chomhalta de LEE ina bhfuil an t-eintiteas dlítheanach bunaithe.***

(9) ***Agus aitheantas á thabhairt don ghá práinneach urghnách atá le ceannasacht agus slándáil an Aontais a neartú tuilleadh mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2024/795, agus chun*** a áirithiú go ndéanfar acmhainní airgeadais ***a shlógadh agus a athinfheistiú go tapa*** in ***earnálacha criticiúla,*** lena n-áirítear tionscadail ***dé-úsáide*** agus chosanta faoi ***Luasaire CNE*** faoin gclár Fís Eorpach, is iomchuí maolú a dhéanamh ***ó*** Airteagal 212(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (‘an Rialachán Airgeadais’). ***I bhfianaise na n-imthosca sin agus an ghá atá le cistí a bheith ar fáil go tapa, tá sé fíor-riachtanach go bhféadfar*** aisíocaíochtaí, lena n-áirítear airleacain aisíoctha, ioncaim agus méideanna nár úsáideadh glan ó tháillí agus ó chostais chomhpháirt infheistíochta maoinithe chumaiscthe CNE de Threoirthionscadal CNE faoi chlár Fís 2020 ***a athinfheistiú i gCiste CNE seachas*** iad a dhíriú chuig buiséad an Aontais, chun ***tionscadail a bhfuil feidhmeanna sibhialta acu*** a mhaoiniú, ***chomh maith le*** tionscadail dé-úsáide agus cosanta ***a bhaineann tairbhe as*** an raon feidhme leasaithe ▌. Ba cheart an tréimhse ama a leagtar amach in Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais ***a leasú chun cur chun feidhme fóinteach a áirithiú in imthosca eisceachtúla***. Chun go bhféadfar é sin a dhéanamh, is gá ***maolú ar an bhforáil sin a thabhairt isteach.***

---

7 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(10) Is é CEC, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], an príomhchlár chun iomaíochas, nuálaíocht, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas teicneolaíoch thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag CEC freisin tacú le gníomhaíochtaí atá fabhrach d'fhorbairt teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint. Chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar shainiúlachtaí na ngníomhaíochtaí sin, amhail má tá mionscála nó gá ar leith acu le tacaíocht thapa, is iomchuí na nósanna imeachta chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an tacaíocht do na gníomhaíochtaí sin ***a ghiorrú*** agus a shimpliú ***go suntasach***, agus na coinníollacha don chinneadh maidir leis an tacaíocht sin sa chlár oibre á leagan amach ag an am céanna ***agus gan an bonn a bhaint de phrionsabal an bharr feabhais.***

---

[8] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

(11) Is gá freisin leas a bhaint as sineirgí idir CEC agus cláir eile de chuid an Aontais. Chuige sin, ba cheart na Ballstáit, d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, do thríú tíortha, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais nó tríú páirtithe eile a bheith in ann ranníocaíochtaí deonacha a sholáthar do CEC , mar ioncam sannta seachtrach. Ba cheart a bheith in ann aistrithe deonacha acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte ar CEC agus comhcheangal na ranníocaíochtaí ó CEC le cláir eile de chuid an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha, ar choinníoll nach mó an tacaíocht charnach ón Aontas ná costais incháilithe iomlána na gníomhaíochta.

(12) ***An 23 Meitheamh 2022, chinn an Chomhairle Eorpach stádas tír is iarrthóir a dheonú don Úcráin, rud a léirigh toil láidir go ndéanfaí an atógáil a nascadh le hathchóirithe agus í ar a conair Eorpach. An 15 Nollaig 2023, chinn an Chomhairle Eorpach tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin agus dhearbhaigh sí go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí rannchuidiú, san fhadtéarma agus i gcomhar lena gcomhpháirtithe, leis na gealltanais slándála a tugadh don Úcráin ▌, rud a chuideoidh leis an Úcráin í féin a chosaint, cur in aghaidh na n-iarrachtaí díchobhsaithe agus bac a chur ar ghníomhartha foghacha amach anseo. Tá tacaíocht láidir don Úcráin ina príomhthosaíocht ag an Aontas agus is freagairt iomchuí í ar thiomantas láidir polaitiúil an Aontais tacú leis an Úcráin a fhad is gá.***

***An 5 Márta 2023, mhol an Coimisiún Ionstraim a chruthú (an 'Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin') chun aghaidh a thabhairt ar an damáiste a rinne cogadh foghach na Rúise do Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine (BTTC na hÚcráine) agus chun tacú lena hatógáil, lena téarnamh agus lena nuachóiriú, agus a chomhtháthú féideartha in BTTCE amach anseo á chur san áireamh. Tá forbairt shuntasach déanta ag BTTC na hÚcráine ar a acmhainneachtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta ó thús ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhórsaí armtha na hÚcráine. Sa chomhthéacs sin, le comhar níos dlúithe idir BTTCE agus BTTC na hÚcráine a áirithiú, bheadh BTTCE in ann rochtain a fháil ar na cumais sin agus rannchuideodh sé leis an gcuspóir iomaíochas agus nuálaíocht BTTCE a chothú, agus ag an am céanna bheadh sé comhsheasmhach le tacaíocht leanúnach an Aontais chun acmhainneachtaí monaraíochta cosanta na hÚcráine a neartú. Dá réir sin, i bhfianaise chuspóirí agus spriocanna coiteanna an Aontais agus na hÚcráine i réimse an taighde agus na forbartha cosanta agus i bhfianaise na dtairbhí don dá thaobh ar féidir a bheith ag dréim leo ó chomhtháthú níos dlúithe ina leith sin, is iomchuí an Úcráin a chomhlachú le CEC.***

(13) Is é is aidhm don Chlár don Eoraip Dhigiteach (DEP) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] tacú le claochlú digiteach gheilleagar, thionscal agus shochaí na hEorpa agus dlús a chur leis agus iomaíochas na hEorpa sa gheilleagar digiteach domhanda a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gclár tacú, go háirithe, le tionscadail, seirbhísí agus inniúlachtaí a bhféadfadh feidhm dé-úsáide a bheith acu faoina chuspóirí sonracha uile. ***Leis sin, chuideofaí le hathléimneacht shochaíoch an Aontais a neartú i bhfianaise ionsaithe hibrideacha leanúnacha agus cur isteach eachtrach. Ag aithint dó an tábhacht straitéiseach a bhaineann le comhar trasteorann agus le haistrithe teicneolaíochta idir na Ballstáit a éascú i dtionscadail dé-úsáide san earnáil dhigiteach, ba cheart don Choimisiún an ghné thras-Eorpach a chur san áireamh agus tionscadail dé-úsáide á ndámhachtain aige. Is iomchuí, dá bhrí sin, an critéar dámhachtana sin a dhéanamh éigeantach le haghaidh tionscadail dé-úsáide.***

---

[9] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/694/oj).

(14) Chun ceannasacht theicneolaíoch agus iomaíochas a fheabhsú, teastaíonn ón Aontas na bonneagair ríomhaireachta, néalríomhaireachta agus sonraí lena gceanglaítear le ceannaireacht IS. Mar chuid de straitéis Ilchríoch IS, tá monarchana IS agus gigeamhonarchana IS fíor-riachtanach chun a chur ar chumas an Aontais dul san iomaíocht ar an leibhéal domhanda agus a neamhspleáchas straitéiseach agus a iomaíochas a áirithiú san eolaíocht, ▌ i dtaighde ***a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide ag baint leis*** agus in earnálacha tionsclaíocha criticiúla, lena n-áirítear tionscal na cosanta. Le samhlacha IS den chéad ghlúin eile, teastaíonn bonneagar ríomhaireachta nasctha fairsing le haghaidh dul chun cinn i réimsí sonracha, lena n-áirítear an chosaint. Is iomchuí, dá bhrí sin, cuspóir oibríochtúil forlíontach a chur le Cuspóir Sonrach 1 – An Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta den Chlár don Eoraip Dhigiteach, cuspóir oibríochtúil forlíontach atá tiomnaithe do chur chun úsáide agus oibriú Monarchana IS agus glúin nua de Ghigeamhonarchana ***IS*** lena speisialaítear i bhforbairt, oiliúint agus reáchtáil na samhlacha agus feidhmchlár intleachta saorga is casta, an-mhór, lena n-áirítear na crua-earraí agus bogearraí is gá le haghaidh an chuir chun úsáide sin.

(15) ***Mar gheall ar an neamhchosaint atá ag dul i ndéine ar chibearbhagairtí agus ar bhagairtí hibrideacha san Aontas, tá údar maith le béim shainráite a chur ar athléimneacht i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha faoi Chuspóir Sonrach 3 den Chlár don Eoraip Dhigiteach.*** I gCuspóir Sonrach 5 den Chlár don Eoraip Dhigiteach, Cur Chun Úsáide agus Úsáid is Fearr na hAcmhainneachta Digití agus na hIdir-inoibritheachta, is gá freisin tagairt don chosaint a chur leis an gcuspóir oibríochtúil a shainítear chun tacú leis an earnáil phoiblí agus le réimsí a bhaineann le leas an phobail, chun a shoiléiriú gur féidir ranníocaíocht airgeadais an Aontais faoi chuspóir den sórt sin a leathnú chuig an earnáil sin.

(16) ***D'fhéadfadh sé gur ghá*** freisin na ***rialacha incháilitheachta*** i gclár oibre an Chláir don Eoraip Dhigiteach a oiriúnú le haghaidh cásanna ***sonracha a bhfuil údar cuí leo***, ionas nach mbeidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe nó atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ó thríú tíortha, incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngach gníomhaíocht nó i roinnt gníomhaíochtaí atá dírithe ar theicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu faoi aon chuspóir sonrach. ***Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le féidearthacht den sórt sin.*** I gcásanna den sórt sin, ba cheart tograí agus glaonna ar thairiscintí a theorannú d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe nó a mheastar a bheith bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag an Ballstáit nó náisiúnaigh de chuid na mBallstát.

(17) Is é is aidhm don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [10] dlús a chur leis an infheistíocht i réimse na ngréasán tras-Eorpach, rud a chumasóidh sineirgí idir earnáil an iompair, earnáil an fhuinnimh agus earnáil na seirbhísí digiteacha. Chun tacú leis an mbonneagar ríomhaireachta nasctha a theastaíonn ó tháirgí agus teicneolaíochtaí cosanta agus lasmuigh de na réimsí sin, ba cheart cuspóirí earnáil dhigiteach SCE laistigh den Rialachán sin a leathnú chuig cur chun úsáide agus soláthar acmhainneachtaí digiteacha amhail néalríomhaireacht, ***monarchana IS*** agus Gigeamhonarchana IS.

---

[10] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj).

(18) ▌Sa Pháipéar Bán aithníodh an tsoghluaisteacht mhíleata mar chumasóir fíor-riachtanach do shlándáil agus cosaint na hEorpa agus leagadh béim ar bhreisluach an Aontais maidir le tacú le bonneagar dé-úsáide le haghaidh na soghluaisteachta. ***I gcomhthéacs*** an Pháipéir Bháin Chomhpháirtigh, d'aithin an ***Coimisiún*** agus ***an tArdionadaí a thábhachtaí atá sé tionscadail teophointí soghluaisteachta míleata a shainaithint agus príomhbhearnaí agus príomhscrogaill a bhaint feadh cheithre Chonair Tosaíochta an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata.*** Tá an tsoghluaisteacht mhíleata ***ar cheann de chuspóirí SCE freisin. Feidhmíonn beartas an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) mar phríomhionstraim straitéiseach chun bonneagar iompair trasteorann an Aontais a thógáil. Cé go raibh sé beartaithe ar dtús chun críoch sibhialta, tá acmhainneacht shuntasach aige freisin maidir le dé-úsáid sa chosaint shibhialta. Thairis sin, i dtuarascáil Niinistö an 30 Deireadh Fómhair 2024 maidir le hUllmhacht Shibhialtach agus Mhíleata na hEorpa a Neartú, tagraítear go sonrach don ghá atá le dlús a chur leis an obair bhreise ar chonairí iompair dé-úsáide tosaíochta le haghaidh gluaiseachtaí míleata agus le síneadh a chur le slabhraí soláthair breosla do na fórsaí armtha feadh na gconairí sin. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé an bonneagar iompair dé-úsáide a neartú*** ▌ i bhfianaise chomhthéacs slándála an Aontais atá ag dul in olcas, ***is iomchuí a shoiléiriú go bhféadfar a áireamh ar ghníomhaíochtaí sonracha laistigh de ghníomhaíochtaí faoi Chuspóir Sonrach 3(2) de SCE, i gcás inarb ábhartha, bearta chun an bonneagar iompair dé-úsáide a choimirciú i ndáil le frith-shoghluaisteacht mhíleata nó chun bonneagar breosla a sholáthar le haghaidh dé-úsáid shibhialta-chosanta.***

*(19) Leis an athbhreithniú meántéarma ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ar an gCiste Comhtháthaithe araon a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[11]*, tugadh isteach an fhéidearthacht infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cosanta nó dé-úsáide chun soghluaisteacht mhíleata a chothú a thairbhíonn de réamh-mhaoiniú 20 % de na méideanna atá beartaithe agus an fhéidearthacht maoiniú ón Aontas a chur i bhfeidhm arna mhéadú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná 100 %. I gcás ina n-aistríonn na Ballstáit acmhainní a leithdháiltear orthu faoin mbainistiú comhroinnte chuig SCE, ba cheart dóibh tairbhe a bhaint as na coinníollacha céanna maidir le rátaí réamh-mhaoiniúcháin agus cómhaoiniúcháin le haghaidh tionscadail bhonneagair iompair dé-úsáide mar a tugadh isteach in CFRE agus sa Chiste Comhtháthaithe. I gcás den sórt sin, ba cheart na méideanna sin a fhorchoimeád do thionscadail lena bhforbraítear Conairí Tosaíochta Soghluaisteachta Míleata an Aontais arna sainaithint ag na Ballstáit in Iarscríbhinn II a ghabhann le Ceanglais Mhíleata maidir le Soghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de, mar a d'fhormheas an Chomhairle é an 17 Márta 2025, nó in aon leagan níos déanaí den iarscríbhinn sin arna formheas ag an gComhairle, chomh maith le nascacht dhigiteach agus acmhainneachtaí digiteacha, lena n-áirítear moil lóistíochta agus codanna trasteorann de na conairí sin. Déantar foráil sa Rialachán Airgeadais maidir leis an bhféidearthacht coinníollacha rannpháirtíochta a thabhairt isteach i nósanna imeachta dámhachtana sonracha a dhéanann difear don tslándáil agus don ord poiblí.*

---

[11] *Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1058/oj).*

***Dá réir sin, ba cheart é a bheith indéanta foráil a dhéanamh maidir leis na coinníollacha sonracha sin i ndáil le gníomhaíochtaí atá lonnaithe ar cheann amháin nó níos mó de Chonairí Soghluaisteachta Míleata Tosaíochta an Aontais, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le tír thionscnaimh an trealaimh, na n-earraí, na soláthairtí nó na seirbhíse.***

(20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ***dé-úsáide*** agus cosanta a neartú, iomaíochas thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú agus, dá bhrí sin, rannchuidiú le h***ullmhacht*** chosanta an Aontais trí infheistíochtaí na dtosaíochtaí criticiúla sin a athdhíriú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(21) I bhfianaise a phráinní atá sé infheistíocht ríthábhachtach sa chosaint a chumasú i gcomhthéacs dúshláin phráinneacha gheopholaitiúla, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(20) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153▌ agus (AE) 2024/795 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(1), an dara fomhír, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

(c) chun tacú le tionscadail, seirbhísí, inniúlachtaí agus feidhmchláir dé-úsáide ***agus dlús a chur leo, lena neartaítear athléimneacht na sochaí.'***;

(2) in Airteagal 4(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(d) monarchana IS agus glúin nua de Ghigeamhonarchana IS a chur chun úsáide agus a oibriú, lena speisialaítear i bhforbairt, oiliúint agus reáchtáil na samhlacha agus na bhfeidhmchlár IS is casta, an-mhór, lena n-áirítear na crua-earraí agus bogearraí is gá le haghaidh an chuir chun úsáide sin.';

*(3) leasaítear Airteagal 6(1) mar a leanas:*

*(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (e) agus (f):*

***'(e) feabhas a chur ar athléimneacht i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha i gcoinne bonneagar digiteach criticiúil agus cibirionsaithe, rannchuidiú le feasacht riosca agus eolas ar phróisis chibearshlándála a mhéadú, tacú le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha bunleibhéil chibearshlándála a bhaint amach, mar shampla trí chriptiú sonraí agus nuashonruithe bogearraí ó cheann go ceann a chur chun úsáide;***

***(f) an comhar a fheabhsú idir na réimsí sibhialta agus cosanta maidir le tionscadail dé-úsáide, seirbhísí, inniúlachtaí agus feidhmchláir chibearshlándála, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cibearshlándála a fhorbairt atá saincheaptha do bhonneagar a bhaineann le cosaint, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;***

---

*** Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (IO L 202, 8.6.2021, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/2021/887/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/2021/887/oj)).';**

*(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*

***'2. Cuirfear na gníomhaíochtaí faoi Chuspóir Sonrach 3 chun feidhme go príomha tríd an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/887 *. Mar sin féin, is é an Coimisiún agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2025/38, ENISA, a dhéanfaidh an Cúltaca Cibearshlándála a chur chun feidhme.***

';

(4) in Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) tacú leis an earnáil phoiblí agus le réimsí a bhaineann le leas an phobail, amhail an tsláinte agus an cúram sláinte, an t-oideachas, na breithiúna, custaim***, chosaint shibhialta***, an chosaint, an t-iompar, an tsoghluaisteacht, an fuinneamh, an comhshaol agus na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, lena n-áirítear gnólachtaí ábhartha atá bunaithe laistigh den Aontas, chun teicneolaíochtaí digiteacha úrscothacha a chur chun úsáide agus a rochtain go héifeachtach, amhail HPC, candam, IS agus an chibearshlándáil;’;

(5) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre freisin nach bhfuil eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe agus eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ó thríú tíortha incháilithe chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí, nó i gcuid díobh, faoi Chuspóir Sonrach 3 ▌ agus i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar theicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu faoi aon chuspóir sonrach ***ar chúiseanna slándála a bhfuil údar cuí leo.*** I gcásanna den sórt sin, teorannófar tograí agus glaonna ar thairiscintí d’eintitis dhlítheanacha atá bunaithe nó a mheastar a bheith bunaithe sna Ballstáit agus atá á rialú ag na Ballstáit nó náisiúnaigh de chuid na mBallstát. Féadfar srianta den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir le rochtain ar na hacmhainneachtaí a chuirtear chun úsáide faoi na nglaonna sin. ***Beidh na srianta sin comhréireach agus ní chuirfear i bhfeidhm iad ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leo.’;***

***(6) in Airteagal 20(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:***

***'(d) le haghaidh glaonna ar thograí atá beartaithe chun tacú le teicneolaíochtaí, seirbhísí, inniúlachtaí nó feidhmchláir dé-úsáide, gné thras-Eorpach an tionscadail.’;***

***(7) i gCuspóir Sonrach 5, pointe I d'Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):***

***'4. Iompar, soghluaisteacht, fuinneamh agus comhshaol***

***Réitigh agus bonneagar díláraithe atá ag teastáil le haghaidh feidhmeanna digiteacha ar mhórscála, amhail tiomáint nasctha uathoibríoch, aerfheithiclí gan foireann, feithiclí talún, feithiclí dromchla agus feithiclí faoi uisce, coincheapa na soghluaisteachta cliste, cathracha cliste, ceantair thuaithe chliste nó na réigiúin is forimeallaí, a chur chun úsáide chun tacú le beartais iompair, fuinnimh agus chomhshaoil agus sin á chomhordú le gníomhaíochtaí chun na hearnálacha iompair agus fuinnimh a dhigitiú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.'.***

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/695 mar a leanas:

(1) in Airteagal 46, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4a. De mhaolú ar Airteagal 212(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, aisíocaíochtaí, lena n-áirítear airleacain in-aisíoctha, ioncaim agus méideanna nár úsáideadh glan ó tháillí agus ó chostais mhaoiniú cumaiscthe CNE de chuid threoirthionscadal CNE faoi Fhís 2020, measfar gur ioncaim shannta inmheánacha iad i gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (f) agus Airteagal 21(4) agus (5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm ag an srian ama dhá bhliain a leagtar amach in Airteagal 212(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ón ... [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].’;

---

**** Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).’;***

(2) Leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) ***i mír 1,*** cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach tar éis an dara fomhír:

‘De mhaolú ar Airteagal 7(1), féadfar feidhmeanna a bhféadfadh feidhm dé-úsáide a bheith acu a áireamh sa tacaíocht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den dara fomhír den mhír seo***, agus úsáid feidhmeanna sibhialtacha á cur chun cinn ag an am céanna.***

De mhaolú ar Airteagal 7(1), féadfar a áireamh sa tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (d) den dara fomhír den mhír seo nuálaíocht i dteicneolaíochtaí cosanta criticiúla ***dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a)(iv), de Rialachán STEP, agus, i gcás inarb iomchuí, nuálaíochtaí a bhfuil feidhm dé-úsáide acu á gcothú ag an am céanna.';***

*(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*'1a. Áireofar cur i bhfeidhm na maoluithe ar Airteagal 7(1) dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo san fhaireachán a dhéanfaidh an Coimisiún ar an gClár de bhun Airteagal 50.'*

*(c)* ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:***

***'2. Eintiteas dlítheanach a cháilíonn mar ghnólacht nuathionscanta, FBM nó, i gcásanna eisceachtúla, cuideachta meánchaipitlithe bheag a bhfuil sé ar intinn aici uas-scálú, arna bhunú i mBallstát nó i dtír comhlachaithe, a bheidh i dtairbhí an Luasaire.***

***Maidir le tacaíocht don nuálaíocht i dteicneolaíochtaí cosanta criticiúla faoi mhír 1,*** an dara fomhír, ***pointe (d), den Airteagal seo, beidh rannpháirtíocht teoranta d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas, san Úcráin, nó i gcomhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach. Eintitis dhlítheanacha atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tír seachas an Úcráin nó comhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach, nó ag eintitis dhlítheanacha tríú tír den sórt sin, eisiafar iad ó rannpháirtíocht.***

***De mhaolú ar an dara fomhír, eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas, nó i gcomhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach agus atá á rialú ag tríú tír seachas an Úcráin nó comhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach, nó ag eintiteas dlítheanach tríú tír seachas an Úcráin nó comhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach , beidh sé incháilithe le bheith ina thairbhí faoi mhír 1 den Airteagal seo, ar choinníoll go gcuirfear ráthaíochtaí ar fáil don Choimisiún. Déanfar na ráthaíochtaí sin a fhormheas i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta an Bhallstáit nó an chomhalta de LEE atá comhlachaithe le Fís Eorpach ina bhfuil an t-eintiteas dlítheanach bunaithe, amhail bearta leordhóthanacha de bhun an scagtha, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.***

***Tabharfar dearbhuithe sna ráthaíochtaí nach sáródh tacaíocht don eintiteas dlítheanach leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, arna mbunú faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála de bhun Theideal V CAE, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta.***

***Maidir le tacaíocht faoi mhír 1, an dara fomhír, pointí (a), (b) nó (c), den Airteagal seo a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide a bheith aici, féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre gur féidir rannpháirtíocht a theorannú d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe sna Ballstáit amháin nó d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe chomh maith leis na Ballstáit. Aon teorannú a dhéanfar ar rannpháirtíocht na n-eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe ar comhaltaí de LEE iad, is i gcomhréir le téarmaí agus le coinníollacha Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheidh sé. Leis an gclár oibre, ar chúiseanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, chun cosaint ar leasanna straitéiseacha an Aontais agus na mBallstát a ráthú, féadfar rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe a theorannú arna rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis dhlítheanacha de chuid thríú tíortha neamhchomhlachaithe a eisiamh ó ghlaonna ar thograí aonair freisin, nó féadfar a rannpháirtíocht a chur faoi réir coinníollacha a leagtar amach sa chlár oibre.***

***Féadfaidh an tairbhí nó, faoi réir réamh-chomhaontú a fháil ón tairbhí, duine nádúrtha amháin nó níos mó nó eintiteas dlítheanach amháin nó níos mó a bhfuil sé beartaithe aige nó acu an tairbhí sin a bhunú nó a thacú an togra a thíolacadh. Sa chás deireanach sin, ní shíneofar an comhaontú ach leis an tairbhí agus leis sin amháin.'.***

---

* ***Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 079I, 21.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj).***

Airteagal 3

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/697 mar a leanas:

***(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:***

***'Airteagal 5***

***Tíortha comhlachaithe***

***Beidh an Ciste oscailte do rannpháirtíocht na dtríú tíortha (tíortha comhlachais) seo a leanas:***

***(a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad de LEE, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;***

***(b) an Úcráin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.';***

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'Airteagal 6

Tacaíocht do theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint

1. Leis an g***Ciste, tacófar*** le gníomhaíochtaí atá fabhrach do theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint a fhorbairt sna réimsí idirghabhála a shainítear sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 24.

2. Leagfar síos sna cláir oibre na modhanna cistiúcháin, na critéir roghnúcháin agus dámhachtana agus na nósanna imeachta is iomchuí, agus an cur chun feidhme le haghaidh teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint.';

(3) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 8a

Cistiú carnach agus aistrithe acmhainní

1. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfar ranníocaíocht a thabhairt dí faoin g***Ciste*** freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha gach cláir ábhartha de chuid an Aontais maidir lena ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Féadfar an tacaíocht as na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn pro-rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht roinnte, féadfar iad a aistriú, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chuig an g***Ciste***, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*▌ . Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 62(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Cuirfear na hacmhainní sin ***chun feidhme*** ar mhaithe leis an mBallstát lena mbaineann ***agus i gcomhréir le rialacha an Chiste.***

***3.*** Féadfar acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a úsáid, de mhaolú ar Airteagal 13(2), chun rannchuidiú le cistiú na ngníomhaíochtaí incháilithe ***dá dtagraítear in*** Airteagal ***10(3), pointí (e) go (h),*** suas le 100 % de na costais incháilithe.

4. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír ***2*** den Airteagal seo agus in aon chás faoin 30 Meán Fómhair 2027, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach ábhartha amháin nó níos mó, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060.

5. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais breise a sholáthar don ***Chiste***. Ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointe (a), (d) nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais sin.

---

* Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj**).**

****** Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).’.

Airteagal 4

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 mar a leanas:

***(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:***

***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

***'1. Is iad is cuspóirí ginearálta do SCE na gréasáin thras-Eorpacha i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha a thógáil, a fhorbairt, a nuachóiriú agus a thabhairt chun críche agus a dhéanamh athléimneach agus comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh inathnuaite, agus na gealltanais fhadtéarmacha maidir le dícharbónú agus na spriocanna chun iomaíochas Eorpach a mhéadú á gcur san áireamh; fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach; comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch; agus rochtain ar an margadh inmheánach agus comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh, agus béim á leagan ar na sineirgí a éascú idir na hearnálacha iompair, fuinnimh agus digiteacha.';***

(b) ***i*** mír 2***, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):***

▌

‘(c) san earnáil dhigiteach: rannchuidiú le forbairt tionscadal leasa choitinn a bhaineann le líonraí fíor-ardacmhainneachta atá sábháilte agus slán, lena n-áirítear córais 5G, a chur chun úsáide agus a rochtain, le bunú agus cur chun úsáide acmhainneachtaí digiteacha amhail néalríomhaireacht, IS***, monarchana IS*** agus Gigeamhonarchana IS, le hathléimneacht mhéadaithe agus acmhainneacht mhéadaithe na gcroí-líonraí digiteacha ar chríocha an Aontais trína nascadh le críocha comharsanachta, chomh maith le digitiú na líonraí iompair agus fuinnimh.’;

(2) in Airteagal 8(4), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(f) tionscadail leasa choitinn lena rannchuidítear le hacmhainneachtaí digiteacha a bhunú agus a chur chun úsáide nó a uasghrádú go suntasach, lena n-áirítear néalríomhaireacht, IS, monarchana IS agus ***Gigeamhonarchana IS***, tabharfar tosaíocht dóibh de réir a mhéid a rannchuidítear leo go suntasach le feabhas a chur ar fheidhmíocht, athléimneacht agus slándáil an bhonneagair iompair, fuinnimh agus dhigitigh atá ríthábhachtach d’***fheidhmiú cuí*** an mhargaidh inmheánaigh.’;

*(3) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:*

*(a) i mír 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:*

*'Féadfar a áireamh ar ghníomhaíochtaí sonracha laistigh de ghníomhaíocht de bhun phointe (c) den chéad fhomhír, i gcás inarb ábhartha, bearta chun an bonneagar le haghaidh dé-úsáid shibhialta-chosanta a choimirciú maidir le frith-shoghluaisteacht mhíleata nó chun bonneagar breosla a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí iompair dé-úsáide sibhialta-chosanta.';*

*(b)* ***leasaítear mír 4 mar a leanas:***

*(i)* ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):***

***'(d) gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cosaint, cur chun úsáide gréasán cnámh droma nua nó le huasghrádú suntasach ar ghréasáin cnámh droma atá ann cheana nó iad a dheisiú, lena n-áirítear cáblaí faoi uisce, laistigh de Bhallstáit, idir Ballstáit agus idir an tAontas agus tríú tíortha amhail na gníomhaíochtaí a liostaítear i gCuid V, pointe 3, den Iarscríbhinn, chomh maith le gníomhaíochtaí eile lena dtacaítear le cur chun úsáide na ngréasán cnámh droma dá dtagraítear sa phointe sin;';***

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(f) gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hacmhainní digiteacha a chur ar bun agus a chur chun úsáide i néalríomhaireacht, IS***, monarchana IS*** agus Gigeamhonarchana IS.';

(4) in Airteagal 15(2), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(ba) faoi réir aistriú na n-acmhainní is gá chuig SCE i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar chláir de bhun Rialacháin (AE) 2021/1058* agus (AE) 2021/1056** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus de bhun Airteagal 4(13) den Rialachán seo, i gcás oibreacha a bhaineann leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a)(ii), den Rialachán seo, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(i) féadfar rátaí cómhaoinithe a mhéadú ***10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe dá dtagraítear i bpointe (b);***

(ii) tá gníomhaíochtaí i dteideal íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin arb í ***20 %*** ar a laghad den mhéid a leithdháiltear sa chomhaontú deontais í;

(iii) beidh gníomhaíochtaí lonnaithe ar cheann amháin nó níos mó de cheithre Chonair Tosaíochta an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata arna sainaithint ag na Ballstáit in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ***lena n-áirítear moil lóistíochta agus codanna trasteorann de na conairí sin,*** agus comhlíonfaidh siad na ceanglais bhonneagair a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1328*** ón gCoimisiún, agus ***féadfar coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht sa nós imeachta dámhachtana doghníomhaíochtaí den sórt sin a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****;***

---

**** Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).***

***** Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).***

****** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1328 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021 lena sonraítear na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe gníomhaíochtaí bonneagair dé-úsáide de bhun Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 288, 11.8.2021, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1328/oj).***

******* Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).'.***

Airteagal 5

***Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/795 mar a leanas:***

*(1)* i mír 1, pointe (a) ▌, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(iv) teicneolaíochtaí cosanta;’

***(2) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b:***

***‘(b) rannchuidítear leo le spleáchais straitéiseacha agus leochaileachtaí an Aontais a laghdú nó a chosc.’;***

***(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:***

***‘7. Faoin 2 Bealtaine 2024, eiseoidh an Coimisiún treoir i dtaobh conas is féidir a mheas gur teicneolaíochtaí criticiúla iad na teicneolaíochtaí sna hearnálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo agus i dtaobh conas na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh. Sa treoir sin, soiléireoidh an Coimisiún coincheap an tslabhra luacha agus na seirbhísí gaolmhara atá criticiúil chun na táirgí deiridh sin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a fhorbairt nó a mhonarú agus a bhaineann go sonrach leo. Faoin ... [IO: cuir isteach dáta: 2 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfaidh an Coimisiún an treoir sin a thabhairt cothrom le dáta chun an earnáil a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointe (a)(iv) a chumhdach. Déanfar athbhreithniú ar an treoir sin, i gcás inarb iomchuí, i bhfianaise na tuarascála meastóireachta eatramhaí dá dtagraítear in Airteagal 8.’.***

Airteagal 6

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát .

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*